Tugann RTÉ cuireadh iarratas a chur isteach maidir le hábhar cláir do TG4 2019-2021 den chatagóir

"Cláracha Gaeilge – Sraitheanna Siamsaíochta don Teaghlach"

Tá RTÉ ag iarraidh moltaí do réimse sraitheanna siamsaíochta don teaghlach le craoladh tráthnóna Domhnaigh ar TG4 i rith na mblianta 2019 - 2021. Táthar ag lorg smaointe atá nua ón mbonn nó formáidí cruthanta a tharraingeoidh lucht féachana ginearálta teaghlaigh agus a chuirfidh siamsaíocht ar fáil dóibh ag an tráth craolta. Ba chóir na sraitheanna seo a réamhthaifeadadh i stiúideo nó in ionad feiliúnach eile.

Tráth craolta: TG4, Dé Domhnaigh 20:30 (athchraoladh Dé Céadaoin 19:30)

Líon na gClár: 2019: 35 uair a chloig (tús craolta Meitheamh 2019)

2020: 45 uair a chloig (tús craolta Eanáir 2020)

2021: 45 uair a chloig (tús craolta Eanáir 2021)

Fad an Chláir: 50 nóiméad

Buiséad: €35k in aghaidh na huaire

Tairiscint: 3 bliana (2019/2020/2021)

Ba chóir go mbeadh na sraitheanna a chuirtear chun cinn ina gcláir teilifíse a mbeadh tóir ag teaghlaigh féachaint orthu ar an Domhnach, iad ina n-ábhar spéise agus siamsaíochta ag seantuismitheoirí, tuismitheoirí agus leanaí agus iad ag ligean a scíth tráthnóna an Domhnaigh. Cén sórt ábhair a bheidh ina lón siamsaíochta ag lucht féachana an teaghlaigh sa bhliain 2019 agus ina bhunús le sraith thréan le branda láidir gur féidir a thabhairt ar ais séasúr i ndiaidh séasúir. D'fhéadfadh gur bunaithe ar ábhar réaltachta, ar thréith agus féith na hoirfidíochta, ar cheol nó ar chomórtaisíocht a bheadh clár agus ba chóir go mbeadh ilghnéitheacht i gceist ó thaobh greann, oirfidíocht, iomaíocht, baol, idirghníomhaíocht, teannas agus teicneolaíocht de chun siamsaíocht den scoth a chinntiú. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach iondúil go n-éiríonn chomh maith sin le tráth na gceist nó le formáidí atá trom ó thaobh cainte nuair a bhíonn fotheidil i gceist agus cuirtear san áireamh dá réir sin an tionchar a bhíonn ag cúrsaí teanga agus fotheideal ar aon smaoineamh a chuirtear faoi bhráid – cuirtear ábhar chun cinn a bhfuil lán na súl agus neart siamsa le baint as.

Ba mhaith linn ceithre cinn de shraitheanna a choimisiúnú gach bliain don tráth craolta seo a bheadh tarraingteach ag an gcroí lucht féachana agus ag an lucht

féachana náisiúnta. Siamsaíocht ar a mbeadh blas sainiúil na hÉireann agus a mbaineann le 'súil eile’ ionas go dtagann le sceideal clár TG4. Bheifí toilteanach iomlán na n-uaireanta a chloig maidir leis an tairiscint 3 bliana seo (faoi réir athbhreithniú feidhmíochta bliantúil) a bhronnadh ar aon chomhlacht léiriúcháin amháin nó iad a roinnt ar dhá chomhlacht nó níos mó ná sin ag brath ar chaighdeán agus ar réimsí na smaointe agus ar na modhanna léiriúcháin a chuirtear chun cinn. Measaimid go mbeidh an 45 uair an chloig in aghaidh na bliana briste síos i 4 sraith go sealadach mar seo a leanas:

Samhradh 2019: 10 x 50

Fómhar 2019: 13 x 50

Geimhreadh 2019/20: 12 x 50

Earrach 2020: 10 x 50

Chomh maith le cur síos mion ar na coincheapa, ar an gcóiriú agus ar an modh léiriúcháin ar na sraitheanna seo ar feadh ré iomlán na tairisceana seo, tugtar chun aire na gnéithe seo a leanas ar cóir iad a bheith san áireamh le haon hiarratas a chuirtear i láthair:

* Ba chóir go mbeadh láithreoir/tallann láidir ar an scáileán ina ghné thábhachtach de na smaointe ar fad a chuirtear chun tosaigh.

* Sonraítear, le do thoil, an spriocluchte féachana i ndáil le gach sraith a chuirtear chun tosaigh de réir straitéis ‘twin pole’ TG4 chomh maith lena mbeadh de rún a dhéanamh chun straitéis margaíochta dhigiteach/ábhair a fhorbairt ar mhaithe le spéis an lucht féachana a chothú. Ní mór obair fotheidil agus ábhar na meán sóisialta a thabhairt san áireamh agus an buiséad léiriúcháin á ríomh.

* Ní mór na cláir a thaifeadadh agus a chur ar fáil i bhformáid ardghléine (HD). Is féidir le comhlachtaí léiriúcháin úsáid a bhaint as stiúideonna, ionaid nó láithreacha boscaí dubha in áit ar bith ar fud na tíre de réir mar a oireann don smaoineamh agus don mhodh léiriúcháin a mholtar.

* Ní mór do na comhlachtaí léiriúcháin fianaise ar an acmhainn ábhar cláir Gaeilge ar ardchaighdeán a léiriú agus an dóigh ina gcuirfear foireann léiriúcháin le chéile, atá cumasach ábalta ag obair i nGaeilge chun ábhar/ualach na tairisceana seo a bhaint amach.

* Tabharfar moltaí cost-éifeachtúil san áireamh sna cinntí deireanacha.

**Is é an 5.00 i.n., Dé Luan, an 11ú Feabhra 2019 an tráth deiridh a mbeidh glacadh le hiarratais ag RTÉ**.

**We ask in the first instance that producers submit ideas into the e-commissioning stsyem [http://e-commissioning.rte.ie/SWIFT.Web/skins/rte/login.aspx](http://e-commissioning.rte.ie/SWIFT.Web/skins/rte/login.aspx) under the programme category Claracha Gaeilge - TG4 programming 2019-2021**